CINNEADH (CBES) 2023/1528 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Iúil 2023

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/907 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Iúil 2003, d'aontaigh an Chomhairle Ionadaí Speisialta Aontais Eorpaigh (ISAE) a cheapadh do Chugas Theas.

(2) An 13 Samhain 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/2071 ([1]) lena gceaptar Toivo KLAAR mar ISAE do Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia. Cuireadh síneadh as a chéile le sainordú ISAE, an ceann is déanaí le Cinneadh (CBES) 2022/1237 ón gComhairle ([2]), agus tá sé le dul in éag an 31 Lúnasa 2023.

(3) Ba cheart síneadh 12 mhí breise a chur le sainordú ISAE, agus ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2024.

(4) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/907 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh

Cuirtear síneadh le sainordú Toivo KLAAR mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) do Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia (Cugas Theas) go dtí an 31 Lúnasa 2024. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfar sainordú ISAE a fhoirceannadh níos luaithe, bunaithe ar mheasúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an tArdionadaí).';

(2) cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 5(1):

'Is é EUR 2 763 000an méid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2024 a chumhdach.';

([1]) Cinneadh (CBES) 2017/2071 ón gComhairle an 13 Samhain 2017 lenar gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia (IO L 295, 14.11.2017, lch. 55).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/1237 ón gComhairle an 18 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/907 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia (IO L 190, 19.7.2022, lch. 125).

(3) in Airteagal 14, an chéad mhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

'Cuirfidh ISAE tuarascálacha rialta ar an dul chun cinn faoi bhráid na Comhairle, an Ardionadaí agus an Choimisiúin agus cuirfidh sé tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe faoina mbráid faoin 31 Bealtaine 2024.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES